

Eleathanach224

Dé Luain 1 Feabhra 2016

Muintir Bhaile Átha Cliath sásta leis an gcathair

Tá muintir na hardchathrach an-sásta lena mbaile dúchais. I suirbhé mór Eorpach dúirt 95% acu go bhfuil siad an-sásta lena saol sa chathair. D'fhéach an suirbhé ar an saol atá á chaitheamh ag daoine i bpríomhchathracha na hEorpa.

Níl ach dream amháin níos sásta lena gcathair. Sin muintir Heilsincí. Tá Heilsincí san Fhionlainn. Tá 96% de na daoine sin sásta lena saol ann. San Aithin níl ach 60% de dhaoine sásta. Tá an Aithin sa Ghréig.

Peil Ghaelach: tús le Sraith Allianz

Thosaigh Sraith Allianz sa pheil ag an deireadh seachtaine. Bhí Baile Átha Cliath ag imirt i gcoinne Chiarraí. Bhuaigh Baile Átha Cliath an cluiche. Bhuaigh Dún na nGall an cluiche i gcoinne an Dúin.

Bhí Ros Comáin chun tosaigh ag leath-am sa chluiche i gcoinne Mhuineacháin Dé Domhnaigh, ach fuair Conor McManus cúl do Mhuineachán agus bhuaigh siad. Bhuaigh Corcaigh an cluiche i gcoinne Mhaigh Eo freisin.



An bhábóg Barbie ag athrú

Is breá lena lán cailíní óga an bhábóg Barbie. Tháinig an chéad bhábóg Barbie ar an margadh 57 bliain ó shin.

Bhí a lán daoine míshásta le Barbie freisin. Cheap siad go raibh sí róthanaí. Ní raibh a corp cosúil leis an gcorp atá ag an gcuid is mó de dhaoine. Ní raibh corp nádúrtha aici, dar leo.

Anois is féidir leaganacha difriúla de Barbie a cheannach! Tá Barbie Ard ar fáil, agus Barbie Bheag agus bábóga Barbie eile freisin.



The Voice UK

Bhí an clár teilifíse *The Voice UK* ar siúl Dé Sathairn. Is iad will.i.am, Ricky Wilson, Boy George agus Paloma Faith na moltóirí. Bhí Boy George agus Paloma Faith ag troid i rith an chláir.

Ag deireadh an chláir bhí Kevin Simm ag canadh. Blianta ó shin bhí sé sa ghrúpa *Liberty X*. Chas na moltóirí go léir agus bhí an rogha aige moltóir a roghnú. Nuair a d'éist sé leis na rudaí a dúirt Paloma roghnaigh sé í agus anois beidh sé ar a foireann.

